

COSAINT SONRAÍ: SCOIL NA LEANAÍ 2024-2025

RÉAMHRÁ

Baineann Polasaí na scoile um Chosaint Sonraí le **sonraí pearsanta** ata á gcoinneáil ag Bord Bainistíochta na scoile, atá faoi chosaint ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus ag Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí an AE (RGCS).

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne, leis an mBord Bainistíochta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le daltaí agus leo eile (daltaí féideartha nó ionchasacha agus a dtuismitheoirí san áireamh agus iarrthóirí ar phoist laistigh den scoil) chomh fada agus a bhaineann na céimeanna sa pholasaí leo. Déanfar sonraí a stóráil go slán, le go gcosnaítear faisnéis rúnda de réir na reachtaíochta ábhartha. Leagann an polasaí seo amach an bealach ar a ndéanann an scoil sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta na sonraí pearsanta a chosaint.

Feidhmíonn Scoil na Leanaí modh an “**Phríobháideachais trí dhearadh**” maidir le Cosaint Sonraí. Ciallaíonn sé seo go ndéanaimid pleanáil chúramach agus sonraí pearsanta á mbailiú againn le gur féidir linn na **prionsabail chosanta sonraí** a chur isteach roimhre mar phointí bunúsacha i ngach feidhmíocht a bhaineann le sonraí. Déanaimid iniúchadh ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn le gur féidir linn

1. rochtain a sholáthar do do dhaoine ar a gcuid sonraí
2. é a chinntiú go bhfuil siad á gcoinneáil go slán
3. ár nósanna imeachta um chosaint sonraí a thaifeadadh
4. cuntasacht agus trédhearcacht a fhorbairt

PRIONSABAIL NA COSANTA SONRAÍ

Is *Rialaitheoir Sonraí ar shonraí pearsanta* é Bord Bainistíochta na scoile a bhaineann le baill foirne, daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus baill eile an scoilphobail san aimsir atá thart, sna laethanta seo agus sa todhchaí. Chuige seo, tá dualgas ar an mBord cloí leis na prionsabail chosanta sonraí mar atá leagth amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus sa RGCS, ar a ndéantar achóimre orthu sa méid seo a leanas:

1. **Sonraí Pearsanta a Fháil agus a Phróiseáil ar bhealach cothrom**

Bailítear faisnéis ar dhaltaí le cabhair a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí agus na foirne. Aistrítear faisnéis freisin ó na scoileanna ina raibh siad. Maidir le faisnéis atá á coinneáil ag an scoil faoi dhaoine eile (baill na foirne, daoine atá ag cur isteach ar phostanna, tuismitheoirí/caomhnóirí na ndaltaí srl.), go ginearálta, is iad na daoine féin a thugann an fhaisnéis, le toiliú iomlán, eolach agus cuirtear le chéile í le linn a dtréimhse fostaíochta nó theagmhála leis an scoil. Pléitear leis an bhfaisnéis seo ar fad faoi réir na reachtaíochta um Chosaint Sonraí agus faoi théarmaí an Pholasaí seo um Chosaint Sonraí. Déanfar an fhaisnéis seo a fháil agus a phróiseáil ar bhealach cothrom.

2. **Toiliú**

Nuair is é a toiliú an bunús le soláthar sonraí pearsanta, (m.sh. sonraí atá riachtanach le bheith i do bhall d'fhoireann spóirt/d'imeacht iarscoile nó d'aon imeachtaí eile roghnach) ní mór toiliú don phróiseáil a thabhairt go saor, go sonrach, ní mór don duine a bheith eolach ar na cúinsí. Ba cheart go mbeadh mianach an duine is ábhar do na sonraí a bheith soiléir. Beidh ráiteas nó gníomhaíocht shoiléir dhearfach ag teastáil ó Scoil na Leanaí,, m.sh. ticeáil bosca/síniú cáipéisí le toiliú a léiriú. Is féidir leis an duine is ábhar do na sonraí an toiliú a tharraingt siar sna cásanna seo.

3. Coinnigh é chun críoch(a) sonraithe agus ar bhonn follasach dleathach

Cuirfidh an Bord Bainistíochta daoine ar an eolas faoi na cúiseanna go bhfuil siad ag bailiú na sonraí agus faoin úsáid a mbainfear astu. Coinnítear gach faisnéis le leas an duine aonair ar intinn againn i gcónaí.

4. Na sonraí a phróiseáil ar bhealaí a thagann leis na cúiseanna ar a bailíodh iad i dtús báire

Déanfar sonraí a bhaineann le daoine aonair a phróiseáil ar bhealaí a thagann leis na cúiseanna ar a bailíodh na sonraí. Ní roinnfear eolas ach ar bhonn gá-le-fios agus beidh diannrialú ar an rochtain ar na sonraí sin.

5. Sonraí Pearsanta a choinneáil slán agus sábháilte

Ní bheidh rochtain ar na sonraí ach acu siúd a bhfuil fórchúis acu len e a fháil. Tá sonraí pearsanta á stóráil faoi ghlas nuair is taifid ó lámh iad agus faoi chosaint ag bogearra ríomhaire agus pasfhocail i gcás sonraí atá á gcoinneáil go leictreonach. Tá criptiú agus pasfhocail ar ghléasra iniompartha (ar nós ríomhaire glúine) ar a bhfuil sonraí pearsanta á stóráil.

6. Sonraí Pearsanta a choinneáil cruinn, iomlán agus thuas chun dáta

Ba cheart do dhaltáí, do thuismitheoirí/chaomhnóirí, agus/nó baill na foirne an scoile chur ar an eolas faoi aon athrú atá le déanamh ar a gcuid sonraí pearsanta nó ar a gcuid sonraí pearsanta íogaire le cinntiú go bhfuil sonraí an duine sin cruinn, iomlán agus thuas chun dáta. Ar insint dóibh, ba cheart don scoil pé athrú atá le déanamh a dhéanamh ar na taifid ábhartha. Ní féidir taifid a athrú nó a léirscriosadh gan an t-údarú ceart. Má tá athrú/ceartú ag teastáil, ba cheart nóta a dhéanamh den údarú agus de na hathruithe atá le déanamh ar aon bhunchóip de thaifead nó de cháipéis agus an dáta agus síniú an duine atá ag déanamh na n-athruithe a chur leis.

7. É a chinntiú go bhfuil na sonraí fónta, ábhartha agus nach siad iomarcach

Ní bhaileofar agus ní stóralfar ach méid riachtanach na faisnéise atá ag teastáil chun seirbhís fónta a sholáthar

8. É a choinneáil ní níos sia ná mar is riachtanach don chúis/do na cúiseanna sonraithe ar a tugadh é

Mar riail ghinearálta, coinneofar an fhaisnéis ar feadh tréimhse an duine sa scoil. I ndiaidh sin, leanfaidh an scoil treoirínte na Roinne Oideachais maidir le stóráil na sonraí pearsanta a bhaineann leis an dalta. I gcás na mball foirne, cloífidh an scoil le treoracha na Roinne Oideachais agus le riachtanais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le coinneáil na dtaifead a bhaineann le fostaithe. D'fhéadfaí go gcoinneodh an scoil na sonraí a bhaineann le duine aonair ar feadh tréimhse ama níos sia chun cloí le forálacha ábhartha dlí agus/nó chun éileamh a chosaint faoi reachtaíocht fostaíochta agus/nó do chonradh agus/nó don dlí sibhialta. Féach tábla [Coinneáil na dTaifead Scoile](#)

9. Cóip dá Sonraí Pearsanta a sholáthar do dhuine ar bith ar iarratas

Tá sé de cheart ag duine aonair rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil fúthu agus a bheith ar an eolas fúthu, faoin duine atá á gcoinneáil agus faoin gcúis go bhfuil siad á gcoinneáil.

ScóIP

Baineann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí le coinneáil agus le próiseail *Sonraí Pearsanta*. An críoch leis an bpolasaí seo ná cabhrú leis an scoil a cuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, na hoibleagáidí sin a mhíniú d'fhoireann na scoile agus foireann na scoile, daltaí, a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí conas a dhéanfar a gcuid sonraí a phróiseáil.

Baineann an polasaí seo le gach ball foirne, leis an mBord Bainistíochta, le tuismitheoirí/caomhnóirí, le daltaí agus leo eile (daltaí ionchasacha agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí san áireamh, chomh maith le hiarrthóirí ar phoist sa scoil) fad is atá an scoil ag láimhseáil agus ag próiseáil a gcuid *Sonraí Pearsanta* ar feadh a dteagmhála leis an scoil.

Sainmhíniú ar Théarmaí Cosanta Sonraí

Chun tuiscint cheart a fháil ar na hoibleagáidí ar an scoil, tá téarmaí áirithe tábhachtacha, ar cheart do gach ball foirne ábhartha iad a thuiscint:

Sonraí Pearsanta duine ar bith aiceanta aitheanta nó inaitheanta i.e. duine beo ar féidir nó a bhféadfaí iad a aithint ó na sonraí nó i bpáirt le faisnéis eile atá i seilbh, nó atá le bheith i seilbh an Rialthóra Sonraí (Bord Bainistíochta).

Rialaitheoir Sonraí is ea Bord Bainistíochta na scoile

Duine is ábhar do na Sonraí - duine is ábhar do na sonraí pearsanta

Próiseáil Sonraí – aon oibríocht nó tacar oibríochtaí a dhéanamh ar na sonraí:

- Fáil, taifeadadh, coinneáil na sonraí,
- Bailiú, eagú, stóráil, athrú, nó cur in oiriúnt na sonraí
- Aisghabháil, féachaint ar, nó úsáid a bhaint as, na sonraí
- Na sonraí a nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó iad a chur ar fáil trí bhealach eile
- Na sonraí a ailíniú, a chónascadh, a bhlocáil, a ghlanadh, nó a léirsciosadh

Próiseálaí Sonraí – duine a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseail thar ceann an Rialaitheora Sonraí, **ach ní fostaí an Rialthóra Sonraí** a dhéanann a leithéid de shonraí a phróiseail le linn a dtréimhse fostaíochta le, chiallódh sé seo b'fheidir fostaí eagrais a gcuieann an Rialaitheoir Sonraí obair chucu. Leagann an reachtaíocht um Chosaint Sonraí freagrachtaí ar na heagrais seo maidir lena bpróiseáil sonraí.

Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta a thagraíonn do *Shonraí Pearsanta* maidir leis na gnéithe seo a leanas

- Bunadh ciníoch nó eitneach
- Tuairimí polaitiúla nó creidimh religiúnda nó fealsúnach
- Sláinte fhisiciúil nó mheabhrach
- Saol gnéis agus claonadh gnéis
- Sonraí géiniteacha agus bithmhéadracha
- Ciontuithe Coiriúla nó líomhaintí faoi dhéanamh coire
- Ballraíocht Cheardchumainn

Sárú ar Shonraí Pheasanta – sárú ar shlándaíl as a dtagann léirscriosadh timpisteach nó mídhleathach, cailleadh, athrú, nochtadh neamhúdaraíthe, nó rochtain ar na sonraí pearsanta a tharchuirtear, a stóráltar nó a phróiseáiltear ar bhealach eile. Is ionann é seo agus aon chur isteach ar nó caillteanas sonraí, beag beann ar cá háit a dtarlaíonn sé nó conas a tharlaíonn sé.

RÉASÚNAÍOCHT

Chomh maith leis na hoibleagáidí dlíthiúla atá ar an scoil faoi shainchúraimí fairsinge na reachtaíochta oideachais, tá oibleagáid dhíthiúil ar an scoil cloí leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus leis an RGCS.

Míníonn an polasaí seo cén saghas sonraí a bhailítear, cen fáth go mbailítear iad, an tréimhse choinneála agus cé leis a roinnfear iad. Tá an scoil an-dáiríre faoina bhfreagrachtaí faoin dlí um Chosaint Sonraí agus is mian leo cleachtais shábháilte a chur i bhfeidhm chun sonraí pearsanta an duine aonair a chumhdach. Aithnítear gur n-éascaíonn taifeadadh ceart agus stóráil shlán an eolais fhíorasaigh measúnú an eolais le go mbeidh an Príomhoide agus an Bord Bainistíochta in ann cinntí a dhéanamh maidir le rith éifeachtach na scoile. Tá láimhseáil éifeachtúil na sonraí de dhíth freisin chun buanseasmhacht agus leanúnachas a chinntiú mar a bhfuil athruithe na bpearsanra laistigh den scoil agus lasistigh den Bhord Bainistíochta.

OIBLEAGÁIDÍ EILE DLÍTHIÚLA

Le cur i bhfeidhm an pholasaí seo, cuirtear oibleagáidí agus freagrachtaí eile dlíthiúla na scoile san áireamh. Tá dlúthbhaint ag cuid acu seo le Cosaint Sonraí. **Mar shampla:**

Faoi **Alt 9(g) den Acht Oideachais, 1998**, caithfear rochtain a thabhairt do thuismitheoir dalta, nó do dhalta atá os cionn 18 mbliana d'aois, ar na taifid atá á gcoinneáil ag an scoil maidir le dul chun cinn oideachasúil an dalta sin.

Faoi **Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000**, caithfidh an scoil clárleabhar a choinneáil de na páistí atá ag freastal ar an scoil

Faoi **Alt 20(5) den Acht Oideachais (Leas), 2000**, tá dualgas ar Phríomhoide eolas áirithe faoi thinreamh páiste ar an scoil agus faoi chúrsaí eile a bhaineann le dul chun cinn oideachasúil an pháiste a roinnt le príomhoide scoile eile a bhfuil an páiste ag aistriú chuici. Cuireann Scoil na Leanaí, tríd an bpost, cóip de *Phas* an pháiste, atá curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, chuig Príomhoide na meánscoile ina bhfuil an páiste rollaithe.

Nuair atá tuairiscí déanta ag daoine gairmiúla, seachas foireann Scoil na Leanaí mar chuid de chomhaid an dalta reatha, ní thugtar na tuairiscí seo chuig an Meánscoil mura bhfuil cead dearfa, scríofa lorgtha agus faighte ó thuismitheoir(í) an dalta sin.

Faoi **Alt 21 den Acht Oideachais (Leas), 2000**, caithfidh an scoil tinreamh nó neamhthinreamh na ndaltaí cláraithe a thaifeadadh ar gach lá scoile.

Faoi **Alt 28 den Acht Oideachais (Leas), 2000**, is ceadmhach don scoil *Sonraí Pearsanta* atá á gcoinneáil acu a sholáthar do fhorais áirithe fhorordaithe (An Roinn Oideachais ags Scileanna, Tusla, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus scoileanna eile). Caithfidh an Bord Bainistíochta a bheith sásta go mbainfear úsáid as na sonraí ar "chúiseanna ábhartha" (a chuimsíonn taifeadadh ar stair oideachais agus oiliúna an duine nó monatóireacht ar an dul chun cinn oideachasúil nó oiliúna; nó chun taighde a

dhéanamh ar scrúduithe, ar rannpháirtíocht san oideachas agus ar éifeacht ghinearálta an oideachais nó na hoiliúna)

Faoi **Alt 14 den Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu, 2004**, is gá don scoil aon fhaisnéis atá á lorg ó am go chéile, ar bhealach réasúnta, ón gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta a sholáthar don Chomhairle (agus dá fostaithe, a chuimseodh ERSO).

Forálann **An tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014** go bhfuil ceart áirithe ar rochtain ar fhaisnéis atá á coinneáil ag forais phoiblí nach gá di a bheith ina “sonraí pearsanta”, mar atá leis an reachtaíocht um chosaint sonraí. Cé nach bhfuil móramh na scoileanna faoi réir na reachtaíochta um shaoráil faisnéise, (eisceacht is ea na scoileanna faoi threoir an Bhoird Oideachais ags Oiliúna), má tá an scoil tar éis faisnéis a sholáthar d’fhoras atá faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise (cosúil leis an Roinn Oideachais gas Scileanna srl.) d’fhéadfaí go roinnfeadh an foras sin na taifid dá ndéanfaí iarratas orthu.

Faoi **Alt 26(4) den Acht Sláinte, 1947**, tabharfaidh an scoil gach áis réasúnta (áiseanna chun aimneacha agus seoltaí na ndaltaí atá ag freastal ar an scoill) don Údarás Sláinte atá tar éis iniúchadh sláinte a fhógairt uirthi m.sh. iniúchadh fioclóireachta

Faoi **Acht um Thús Áite do Leanaí 2015**, tá dualgas ar dhaoine faoi shainordú sna scoileanna imní faoi leas páistí a thuairisciú do TÚSLA – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (nó i gcás eigeandála agus in éagmais TÚSLA, don Gharda Síochána)

GAOL LE SAINSPRID NA SCOILE:

Cuireann Scoil na Leanaí romhainn:

- É a chur ar chumas na ndaltaí barr a gcumas a bhaint amach
- Timpeallacht foghlama slán sábháilte a sholáthar
- Meas a chothú ar éagsúlacht na luachanna, na gcreideamh, na dtraidisiún, na dteangacha, agus na modhanna maireachtála sa tsochaí

Tá sé mar aidhm againn é seo a bhaint amach agus meas á léiriú ar na cearta príobháideachais agus cosant sonraí ata ag na daltaí, na baill foirne, na tuismitheoirí/caomhnóirí agus iad eile a bhíonn ag plé linn. Is mian leis an scoil na haidhmeanna/na misin seo a bhaint amach agus meas iomlán a léiriú againn ar cearta daoine chun an phríobháideachais agus a gceart faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

SONRAÍ PEARSANTA

D’fhéadfaí go gcuimseodh na taifid atá ag an scoil na *sonraí pearsanta* seo a leanas:

1. Taifid na Foirne:

a. Catagóirí na Sonraí Foirne:

Chomh maith le baill foirne atá ann cheanna féin (agus iarbhaill na foirne), d’fhéadfaí go mbainfeadh na taifid seo le hiarrthóirí ar phoist sa scoil, múinteoirí ar oiliúint agus múinteoir faoi phromhadh. D’fhéadfadh go gcuimseodh na taifid foirne seo:

- Ainm, seoladh, sonraí teagmhála, uimhir PSP.
- Ainm, sonraí teagmhála neasghaoil i gcás éigeandála.

- Taifid bhunaidh d'iaratas agus de cheapacháin do phoist freagrachta
- Sonraí de neamhláithreachtaí faofa (sos gairme, saoire tuismitheora, saoire staidéir, srl.)
- Sonraí an taifid oibre (cáilíochtaí, ranganna a múineadh, ábhair, srl.)
- Sonraí aon timpiste/ghotú a bhain do bhall foirne ar láthair na scoile nó a raibh baint acu le comhlíonadh na ndualgas scoile
- Taifid ar aon tuairiscí a rinne an scoil (nó a cuid fostaithe) maidir le ball foirne do Ranna Stáit agus/nó d'aon ghníomhaireacht eile faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015

b. *Cúiseanna:*

Coinnítear taifid foirne ar na cúiseanna seo a leanas:

- Bainistíocht agus riaradh ghnó na scoile (faoi láthair agus amach anseo)
- Éascú a dhéanamh ar íocaíocht na foirne agus chun leasa/teidlíochtaí eile (seirbhís ináirithe chun íocaíochtaí pinsin, teidlíochtaí agus/nó íocaíochtaí iomarcaíochta a áireamh, nuair is cuí)
- Éascú a dhéanamh ar íocaíocht pinsin amach anseo
- Bainistíocht ar acmhainní daonna
- Ardaithe Céime a thaifeadadh (caipéisíocht a bhaineann le hiarratais ar adú céime) agus athruithe sna freagrachtaí, srl.
- Le cur ar chumas na scoile a cuid oibleagáidí mar fhostaithe a chomhlíonadh, caomhnú timpeallachta sábháilte, éifeachtúile don obair agus don mhúineadh san áireamh, (comhlíonadh na bhfreagrachtaí faoin Acht um Shábháilte, Sláinte agus Leasa ag an Obair 2005 san áireamh)
- Le cur ar chumas na scoile na riachtanais, atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais, ag TÚSLA, ag na Coimisinéirí Ioncaim, ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, ag an bhFSS, agus ag aon roinn nó ghníomhaireacht eile rialtais, reachtúil agus/nó rialála, a chomhlíonadh
- Chun cloí le reachtaíocht ábhartha don scoil.

c. *Súiomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála Scoil na Leanaí:*

- a. Coinnítear taifid laimhe i gcófraí comhaid slána faoi ghlas in oifig riaracháin faoi ghlas nach mbíonn fáil orthu ach ag daoine údaraithe chun a sonraí a úsáid. Caithfidh fostaithe rúndacht na sonraí a bhfuil rochtain acu othu a chaomhnú.
- b. Stóráltar taifid dhigiteacha ar ríomhairí faoi chosaint phasfhocail in oifig faoi ghlas.
- c. I gcás éigeandála, d'fhéadfaí go mbeadh ar na múinteoirí ríomhaire na scoile a thógáil abhaile leo. Sa chás seo, ní fhagfaidh an ríomhaire an teach

2. *Taifid na nDaltaí:*

a. *Catagóirí Sonraí na nDaltaí:*

D'fhéadfaí go gcuimseodh siad seo:

- Faisnéis a lorgófaí agus a thaifeadfaí ag am rollaithe agus d'fhéadfaí go gcuirfí i dtoll a cheile iad le linn tréimhse an dalta sa scoil. D'fhéadfaí go gcuimseodh na taifid seo:
 - Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála, uimhir PSP
 - Dáta breithe agus áit bhreithe
 - Ainmneacha agus seoltaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus a gcuid sonraí teagmhála (aon socruithe speisialta maidir le caomhnóireacht, cúram, nó rochtain san áireamh)

- Creideamh reiligiúnda
- Bunadh ciníoch nó eitneach
- Más sealbhóir cárta leighis iad (nó a dtuismitheoirí)
- Más é an Béarla máthairtheanga an dalta agus/nó má tá tacaíocht ón dalta le Béarla
- Aon choinníollacha speisialta ábhartha (m.sh. riachtanais speisialta oideachais, deacrachtaí sláinte, srl.) a bheadh tábhachtach
- Faisnéis ar an taifead acadúil roimhe seo (tuairiscí, tagairtí measúnuithe agus taifid eile) ó scoileanna ar a fhreastail an dalta roimhe seo
- Measúnuithe siceolaíochta, síciatracha agus/nó leighis
- Taifid ar an tinreamh
- Déantar grianghraif agus íomhanna taifeadta de na daltaí (ócáidí scoile agus ag aithint gaiscí san áireamh) a bhainistiú ar bhealach a chloíonn leis an bPolasaí um Ghrianghrafadóireacht Scoile.
- Taifead Acadúil – na hábhair ar a ndearnadh staidéar, tograí ranga, torthaí scrúdaithe mar a thaifeadadh ar na tuairiscí oifigiúla scoile
- Taifid ar ghaiscí suntasacha
- Taifid ar chásanna/fhiosrúcháin smachta agus/nó na smachtbhannaí a gearradh
- Taifid eile m.sh. taifid ar aon ghortú dairíre/timpistí srl. (Nóta: Moltar go gcuireann ball foirne na tuismitheoirí ar an eolas go bhfuil eachtra ar leith á thaifeadadh).
- Taifid ar aon tuairisc atá déanta ag an scoil (nó ag a fostaithe) chuig Ranna Stáit agus/nó aon ghníomhaireacht eile faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015.

b. Cúiseanna: Cuimsíonn an chúis le coinneáil thaifid na ndaltaí:

- Le cur ar chumas gach dalta barr a c(h)umas a bhaint amach
- Le riachtanais reachtúla nó riaracháin a chomhlíonadh
- Le cinntiú gur féidir le daltaí incháilithe leas a bhaint as na tacaíochtaí breise ábhartha múinteoireachta nó airgeadais
- Le tacú le soláthar na hoiliúna reiligiúnda
- Le gur féidir teagmháil a dhéanamh leis na tuismitheoirí/caomhóirí i gcás éigeandála nó i gcás dhúnadh na scoile, nó chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn oideachais a bpáiste nó chun tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi imeachtaí scoile srl.
- Le freastal ar riachtanais oideachais, shóisialta, fhisiciúil, agus mhothúchanach an dalta
- Tógtar grianghraif de na daltaí chun gaiscí scoile a cheiliúradh, m.sh. leabhar bliana a chur le chéile, suíomh idirlín a bhunú, imeachtaí scoile a thaifeadadh, agus chun stair na scoile a thaifeadadh. Tógtar agus úsáidtear na taifid seo de réir an *Pholasaí um Ghrianghrafadóireacht Scoile* agus an *Ráitis um Pholasaí um Phríobháideachas don Suíomh Idirlín Scoile*.
- Le cinntiú go gcomhlíonann an dalta criteir iontrála na scoile
- Le cinntiú go gcomhlíonann na daltaí na riachtanais faoin aois íosta le freastal ar an mbunscoil.
- Le cáipéisíocht/faisnéis faoin dalta a sholáthar don Roinn Oideachais agus Scileanna, don Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, do TUSLA, agus do scoileanna eile, srl. ag comhlíonadh an dlí agus na dtreoracha atá eiseithe ag na Ranna Rialtais
- Le cáipéisíocht/faisnéis/teistiméireachtaí a sholáthar d'institiúidí oideachais dara leibhéal nuair a iarrann dalta (nó a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí i gcás dalta nach bhfuil 18 mbliana d'aois).

c. *(Suíomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála mar atá thuas):*

3. Taifid an Bhoird Bhainistíochta:

a. *Catagóirí Sonraí an Bhoird Bhainistíochta:*

- Ainm, seoladh, sonraí teagmhála do gach Ball an Bhoird Bhainistíochta (iarbhaill an Bhoird Bhainistíochta san áireamh)
- Taifid a bhaineann le ceapacháin chun an Bhoird
- Miontuairiscí na gcruinnithe Boird Bhainistíochta agus comhfhreagras leis an mBord a dhéanann tagairt do dhaoine aonair.

b. *Cúiseanna:*

Le cur ar chumas an Bhoird Bhainistíochta feidhmiú de réir an Achta um Oideachas 1998 agus de réir reachtaíochta eile ábhartha agus chun taifid a choinneáil ar cheapacháin chun an Bhoird agus ar chinntí.

c. *(Suíomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála mar atá thuas):*

4. Taifid Eile: Creidiúnaithe

a. *Catagóirí Sonraí an Bhoird Bhainistíochta:*

D'fhéadfadh an scoil an fhaisnéis seo a leanas a choinneáil faoi chreidiúnaithe (cuid acu atá ina ndaoine féinfhostaithe):

- Ainm
- Seoladh
- Sonraí teagmhála
- Uimhir PSP
- Sonraí Cánacha
- Sonraí Baint
- Méid Íoctha

b. *Cúiseanna: Na cúiseanna le taifid na gCreidiúnaithe a choinneáil ná:*

Tá an fhaisnéis seo riachtanach chun ghnáthbhainistíocht agus riarachán a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na scoile, ina gcuimsítear íocaíocht sonrasc, cur le chéile na gcuntas aigeadais bliantúil, agus cloí le hiniúchadh agus le fiosrúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim.

c. *(Suíomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála mar atá thuas):*

5. Taifid Eile: Foirmeacha Cáin-ar-ais na Carthanachta

a. *Catagóirí sonraí an Bhoird Bhainistíochta:*

D'fhéadfadh Scoil na Leanaí na sonraí seo a leanas maidir le deontóirí atá tar éis tabhartais charthanachta a dhéanamh leis an scoil:

- Ainm
- Seoladh
- Sonraí teagmhála
- Uimhir PSP
- Ráta Cánach
- Síniú
- Méid chomhlán an tabhartais roimh cháin.

b. Cuiseanna: Na cúiseanna ar a gcoinnítear taifid na nDeonteoirí Carthanachta ná:

Tá scoileanna i dteideal leas a bhaint as scéim don fhaoiseamh cánach do thabhartais airgid a fhaigheann siad. Chun an faoiseamh a fháil, caithfidh an deontóir teastas (CHY2) a líonadh agus é a chur chuig an scoil le ligean dóibh méid chomhlán na cánach a bhaineann leis an tabhartais a fháil ar ais. 'Sí an fhaisnéis a a iarrtar ar an teastas cuí ná ainm an tuismitheora, seoladh an tuismitheora, uimhir PSP an tuismitheora, ráta canach an tuismitheora, uimhir ghutháin an tuismitheora, síniú an tuismitheora agus méid chomhlán an tabhartais. Coinníonn an scoil é seo i gcás iniúchta ag na Coimisinéirí Ioncaim.

c. (Suíomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála mar atá thuas):

TAIFEADTAÍ/ÍOMHÁNNA TCI-

Tá TCI curtha isteach i Scoil na Leanaí.

---- Tá ceamaraí curtha isteach lasmuigh

- Tá ceamara laistigh de phríomhdhoras na scoile.
- Ar an gclós lasmuigh,
- Ar an gceantar os comhair na scoile.
- Ar an gcosán taobh thiar den scoil
- Ar an gcúinne lasmuigh den scoil.
- Ar an gcúirt chispheile.

D'fhéadfaí go ndéanadh na córais TCI taifeadadh ar bhaill foirne, ar dhaltaí agus ar bhaill an phobail a thagann ar chuairt go dtí an scoil.

Tá an stáisiún radhairc in oifig an phríomhoide.

Cúiseanna:

Sábháilteacht agus slándáil na foirne, na ndaltaí agus na gcuariteoirí a chinntiú agus chun maoin agus trealamh na scoile a chaomhnú.

Slándáil:

Níl rochtain ach ag Príomhoide nó Príomhoide Tánaisteach na scoile ar íomhánna/taifeadtaí. Coinnítear taifeadtaí ar feadh 28 lá, ach amháin sa chás go bhfuil siad ag teastáil chun eachtra a fhiosrú. Is féidir íomhánna/taifeadtaí a chur ar fáil don Gharda Síochána de bhun reachtaíocht na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

TORTHAÍ SCRÚDUITHE

Coinneoidh an scoil sonraí faoi thorthaí scrúduithe na ndaltaí. Cuimsíonn siad seo torthaí an ranga, an mheántéarma, na bliana, na measúnuithe leanúnacha agus torthaí na dtrialacha caighdeánaithe

Cúiseanna:

An phríomhchúis leis na torthaí scrúduithe seo ná monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn oideachasúil an dalta agus chun bunús iontaofa a bheith ag an múinteoir chun

comhairle cheart a chur ar dhaltai agus ar a dtuismitheoirí faoi leibhéil ghnóthachtála oideachasúla agus chun moltaí a dhéanamh faoin todhchaí. D'fhéadfaí go gcuirfí na sonraí le chéile ar son cúiseanna staidrimh/tuairiscithe, ar nós táblaí na dtorthaí. D'fhéadfaí go n-aistreofar na sonraí chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, chuig an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus chuig scoileanna eile a n-aistríonn daltaí chucu.

Súiomhanna agus Nósanna Imeachta Slándála

Mar atá thuas

NAISC LE POLASAITHE EILE AGUS LE SEACHADADH AN CHURACLAIM

Caithfidh ár bpolasaithe scoile teacht le chéile, lasitigh de chreat iomlán an Phlean Scoile. Déanfar scrúdú ar na polasaithe ábhartha atá ann cheana féin, nó atá á bhforbairt nó faoi athbhreithniú, maidir leis an *bPolasaí um Chosaint Sonraí* agus tabharfar aghaidh ar aon impleachtaí dóibh.

D'fhéadfaí go bhféachfar ar na polasaithe seo a leanas:

- Bunachar Sonraí ar líne do bhunscoileanna (POD): Bailiú na sonraí chun bunachar na ndaltaí ar líne na Roinne Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh
- Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí
- Nósanna Imeachta Friththromaíochta
- Cód Iompair
- Polasaí um Rollú
- Polasaí um Úsáid Inghlactha don TFI
- Polasaí um Riachtanais Speisialta Oideachais
- Polasaí um Theagmhas Criticiúil
- Polasaí um Thinreamh

PRÓISEÁIL A THAGANN LE CEARTA NA nDAOINE IS ÁBHAIR DO NA SONRAÍ

Déanfar sonraí sa scoil seo a phróiseáil ar bhealach a thagann le cearta an duine is ábhar do na sonraí. Tá sé de cheart ag duine:

- A bheith ar an eolas faoi na sonraí atá á gcoinneáil ag an scoil fúthu
- Iarratas rochtana a dhéanamh ar *aon* sonraí atá á gcoinneáil ag an Rialaitheoir Sonraí fúthu
- Cosc a chur ar phróiseáil a gcuid sonraí do chúiseanna na margaíochta díri
- Iarratas a dhéanamh sonraí míchruinne a chur ina gceart
- Iarratas a dhéanamh sonraí a léirsciosadh nuair nach bhfuil siad riachtanach ná ábhartha thuilleadh.

Próiseálaithe Sonraí

Má dhéanann an scoil sonraí a sheachfhoinsiú chuig Próiseálaithe Sonraí seachtracha, tá ceanglas dlí orthu conradh scríofa a bheith acu. (*Comhaontú Seirbhíse Scríofa Tríú Páirtí*). Sonraíonn Comhaontú Seirbhíse Scríofa Tríú Páirtí Scoil na Leanaí na coinníollacha faoinar féidir próiseáil a dhéanamh ar na sonraí, na coinníollacha slándála a bhaineann le próiseáil na sonraí agus gur gá na sonraí a léirsciosadh nó iad a fhilleadh ar an scoil ag deireadh nó críoch an chonartha.

Sárú ar Sonraí Pearsanta

Is gá don phríomhoide, thar ceann an Bhoird Bhainistíochta, aon eachtra ina gcuirtear sonraí pearsanta i mbaol a thuairisciú d'Oifig an Choimiseirí Cosanta Sonraí lasitigh de 72 uair an chloig.

Nuair is dócha go mbeidh ardphriacal ar chearta agus ar shaoirsí daoine aiceanta mar thoradh ar an sárú, caithfidh an Bord Bainistíochta an duine is ábhar do na sonraí a chur ar an eolas faoin sárú ar na sonraí pearsanta gan mhoill
Má tá Próiseálaí Sonraí ar an eolas faoi shárú ar shonraí peasannta, caithfidh sé/sí é a chur faoi bhráid an Rialaitheora Sonraí (an Bord Bainistíochta) gan mhoill.

Plé le hIarratas Rochtana ar Shonraí

Tá daoine i dteideal cóip dá sonraí pearsanta ar iarratas scríofa.
Is gá feagra a thabhairt ar an iarratas lasitigh de mhí amháin. D'fhéadfaí go mbeadh síneadh ama ag teastáil m.sh. le linn na laethanta saoire

Ní féidir aon táille a ghearradh ach amháin i gcúinsí eisceachtúla nuair atá na hiarratais atriallacht, go soiléir gan bhunús nó iomarcach.
Ní féidir aon sonraí pearsanta a sholathar a bhaineann le duine eile nach iad an duine ia ábhar do na sonraí.

SOLÁTHAR FAISNÉISE AR AN NGUTHÁN

Ba cheart d'fhostaí atá ag plé le fiosrúcháin ghutháin a bheith an-chúramach faoi fhaisnéis phearsanta atá ag an scoil a nochtadh ar an nguthán. Ba cheart don fhostaí na rudaí seo thíos a dhéanamh ach go háirithe:

- Iarr ar an duine an t-iarratas a chur i scríbhinn
- Cuir an t-iarratas ar aghaidh chuig an bpríomhoide le haghaidh cúnamh i gcásanna deacra
- Ná mothaigh go gcaithfear faisnéis phearsanta a nochtadh

SOCRUITHE DON CHUR I bhFEIDHM, RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

'Sé an Bord Bainistíochta an Rialaitheoir Sonraí agu cuireann an Príomhoide an Polasaí um Chosaint Sonraí i bhfeidhm, a chinntíonn go bhfuil baill foirne, a bhíonn ag láimhseáil, nó ag rochtain ar, na *Sonraí Pearsanta*, ar an eolas faoina bhfreagrachtaí um Chosaint Sonraí

Tá na daoine seo a leanas feagrach as cur i bhfeidhm an Pholasaí seo um Chosaint Sonraí:

Ainm

Bord Bainistíochta: Muireann Mhic Dhonncha
Príomhoide: Olive Cróc

Freagracht

Riaraitheoir na Sonraí
Cur i bhfeidhm an Pholasaí

FAOMHADH AGUS CUMARSÁID

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar 05 Aibreán 2025 agus sínithe ag an gCathaoirleach.
Tá an faomhadh taifeadta ag an Rúnaí i Miontuairiscí an chuinnithe.

MONATÓIREACHT AR CHUR I bhFEIDHM AN PHOLASAÍ

Déanfaidh an Príomhoide, an Fhoireann agus an Bord Bainistíochta monatóireacht ar chur i bhfeidhm an pholasaí seo. Déanfar athbhreithniú air nuair is gá tar éis don Phríomhoide tuarascáil a dhéanamh air agus tar éis glacadh le moltaí dleathacha agus dea-chleachtas reatha curtha san áireamh.

ATHBHREITHNIÚ AGUS MEASÚNÚ AR AN bPOLASAÍ

Déanfar athbheithniú agus measúnú ar an bpolasaí seo tar éis dhá bhliain. Agus an t-athbheithniú agus an measúnú leanúnach ar siúl, tabharfar suntas don eolas agus do na treoirínte is nuaí (m.sh. ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, ón Roinn Oideachais agus Scileanna nó ó TÚSLA), don reachtaíocht agus don aiseolas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, ó dhaltáí, ó bhaill foirne na scoile agus ó dhaoine eile. Déanfar an polasaí seo a leasú más gá i gcomhthéacs an athbheithnithe agus an mheasúnaithe agus lasitigh den chreat pleanála scoile.

Sínithe: 
Thar ceann an Bhoird Bhainistíochta

Dáta faofa: XXXXXXXXXXXXXXXXXXXX

05 04 2025

INTRODUCTORY STATEMENT

The school's Data Protection Policy applies to the **personal data** held by the school's Board of Management (BoM), which is protected by the Data Protection Acts 1988 to 2018 and the EU General Data Protection Regulation (GDPR)

The policy applies to all school staff, the Board of Management, parents/guardians, students and others (including prospective or potential students and their parents/guardians and applicants for staff positions within the school) insofar as the measures under the policy relate to them. Data will be stored securely, so that confidential information is protected in compliance with relevant legislation. This policy sets out the manner in which personal data and special categories of personal data will be protected by the school

